2026/169

27.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/169 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2026

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a mhéid a bhaineann le haicmiú ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) mar ghalar liostaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha maidir le cosc agus rialú galar atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine, lena n-áirítear rialacha maidir le beartú tosaíochta agus catagóiriú galar liostaithe arb ábhar imní ar leibhéal an Aontais iad. De réir Airteagal 5 den Rialachán sin, tá feidhm ag rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir le cosc agus rialú galar a liostaítear i gcomhréir leis an bhforáil sin. Galar liostaithe atá in ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) ('ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga') de réir bhrí Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Déantar foráil in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/429 maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe a bheith faoi réir cur i bhfeidhm rialacha sonracha éagsúla ó thaobh galair de. Ar bhonn Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2016/429, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]) déantar gach galar liostaithe a chatagóiriú mar ghalair A, B, C, D nó E atá faoi réir na rialacha sonracha comhfhreagracha ó thaobh galair de dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a) go (e) de Rialachán (AE) 2016/429. Tá ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga aicmithe faoi láthair mar ghalar C+D+E mar a leagtar amach sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 agus, dá bhrí sin, tá sé faoi réir na rialacha sonracha ó thaobh galair de dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2016/429.

(3) I gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/429, ní mór a chur san áireamh sa phróiseas chun galair liostaithe a chatagóiriú, i measc tosca eile, próifíl an ghalair atá i gceist agus infhaighteacht, indéantacht agus éifeachtacht na sraitheanna éagsúla beart coiscthe agus rialaithe galar dá bhforáiltear sa Rialachán sin i ndáil leis an ngalar. I bhfianaise an mhéid sin agus aithris (41) de Rialachán (AE) 2016/429, má thagann athrú ar phróifíl ghalair galair ar leith, chomh maith leis na rioscaí a bhaineann leis an ngalar agus le himthosca eile, i measc na gcumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún beidh an chumhacht chun an chatagóir ina bhfuil galar liostaithe ar leith a mhodhnú, agus dá bhrí sin na bearta a bhfuil sé faoina réir.

(4) Ó glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil athrú tagtha ar phróifíl an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga agus go bhfuil indéantacht agus éifeachtacht theoranta ag baint leis na bearta coisc agus rialaithe de bhun Airteagal 9(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/429 maidir leis an ngalar sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

(5) A mhéid a bhaineann le próifíl ghalair an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga, léirigh teagmhais eipidéimeolaíocha a tharla le déanaí go bhfuil méadú tagtha ar mharthanacht an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga i bpobail ainmhithe agus go bhfuil sé sin ag déanamh difear do raon leathan speiceas athchogantach agus don chomhshaol. Mar gheall ar an athrú aeráide, b'fhéidir, tá flúirse, marthanacht agus leathnú veicteoirí níos airde ná roimhe seo agus tarlaíonn sé sin le linn tréimhsí níos faide, rud a éascaíonn ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a tharchur ar bhealach níos éifeachtúla. Ina theannta sin, mar gheall ar leathadh séiritíopaí éagsúla den víreas gormtheanga le déanaí (BTV-3, BTV-4 agus BTV-8) gan traschosaint a tháirgeadh in ainmhithe ionfhabhtaithe le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar raon feidhme críochach agus dáileadh an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga san Aontas. Mar thoradh ar na hathruithe sin ar an bpróifíl ghalair, tá comhdhearcadh ag teacht chun cinn sa phobal saineolaithe gur cheart ionfhabhtú le víreas gormtheanga a athchatagóiriú.

(6) Mar thoradh ar thaithí le cur chun feidhme na rialacha sonracha ó thaobh galair de is infheidhme maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga mar ghalar a aicmítear mar ghalar liostaithe de réir bhrí Airteagal 9(1), pointe (c) de Rialachán (AE) 2016/429, tá méadú tagtha ar an gcomhdhearcadh sa phobal saineolaithe nach bhfuil na bearta speisialta rialaithe galar dá dtagraítear san fhoráil sin indéanta ná éifeachtach a thuilleadh i leith ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga. Baineann sé sin go háirithe le cur chun feidhme clár díothaithe roghnach. I bhfianaise na n-athruithe thuasluaite sa staid eipidéimeolaíoch maidir leis an ngalar liostaithe sin, ní áirithítear a thuilleadh an chomhréireacht a bhaineann leis na bearta coisc agus rialaithe dá bhforáiltear le haghaidh ghalair chatagóir C a chur i bhfeidhm maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga.

(7) Tar éis dó toradh roinnt plé leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara a mheas, measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur gá catagóiriú an ionfhabhtaithe leis an víreas gormtheanga a mhodhnú chun a áirithiú go gcuirfear bearta coisc agus rialaithe iomchuí i bhfeidhm maidir leis an ngalar liostaithe sin. Trí líon agus raon na mbeart is infheidhme maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a laghdú, déanfar an creat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an ngalar sin a chosc agus a rialú níos simplí, toisc go gcuirtear béim anois ar bhainistiú riosca ar leibhéal an Aontais trí bhearta maolaithe riosca arna gcur i bhfeidhm ag na húdaráis náisiúnta maidir le gluaiseachtaí athchogantach beo agus táirgí geirmeacha díobh idir na Ballstáit.

(8) Dá bhrí sin, is gá ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a chatagóiriú mar ghalar de chatagóir D+E amháin.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 a leasú dá réir.

(10) Chun ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a chatagóiriú mar ghalar Chatagóir D+E, is gá oiriúnuithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le sláinte ainmhithe i roinnt gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ábhartha, ina measc Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún ([3]). Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an modhnú a thugtar isteach trí bhíthin an leasaithe seo ach ó dháta amach anseo, nuair a thiocfaidh na leasuithe ar na gníomhartha ábhartha eile chun bheith infheidhme freisin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24):

'Ionfhabhtú le víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24)	D+E	Antilocapridae, Bovidae, Camelidae, Cervidae, Giraffidae, Moschidae, Tragulidae	*Culicoides* spp.'

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/688 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe maidir le gluaiseachtaí ainmhithe talún agus uibheacha goir laistigh den Aontas (IO L 174, 3.6.2020, lch. 140, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/688/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN